# FIOS FEASA

## LÉAĠṪÓIREAĊT AGUS CUMADÓIREAĊT

CUID I.

An Ċéad Ḃliain

Séamus Ó Searcaiġ, M.A.

# Fios Feasa

## Léaġtóraċt agus Cumadóraċt do Sgoltaċa Meadonaċa

### Cúrsa Ċeitre mBlian

Séamus Ó Searcaiġ, M.A., Ph.D.,
a sgríoḃ

## Cuid I—An Ċéad Ḃliain

Brún agus Ó Nualláin, Teor.

i mBaile Áṫa Cliaṫ   i mBéal Feirste   i gCorcaiġ   i bPortláirge

# RÉAṀRÁḊ.

Do sgoláirí i sgoltaċa meaḋonaċa a sgríoḃaḋ an sraiṫ seo, aċ tá a súil agam go mbainfiḋ sgoláirí i sgoltaċa náisiúnta tairḃe asta fosta.

Ṫugas iarraiḋ ar aigneaḋ an sgoláire sgoile a ċoinneáil os comair m'intinne le linn an ama a raiḃ mé ag cur na gceaċt le ċéile, agus ar an aḋḃar sin níor ċuir mé síos aċ ar neiṫe agus ar saoġal ina gcuirfeaḋ an t-aos óg suim, dar liom. Ní ḃíonn an toraḋ aċ mar a mbíonn an tsuim, agus cuirfiḋ páistí sgoile suim i léaġṫóraċt a ḃaineas leis an tsaoġal ar a ḃfuil eolas acu.

Ní ḃainfiḋ an sgoláire sgoile tairḃe iomlán as na leaḃra seo mura sgríoḃa sé go cúramaċ na ceaċta atá ag gaḃáil leis an léaġṫóraċt. Ní ḃéiḋ ar a ċumas na ceaċta sin a sgríoḃaḋ i gceart go mbéiḋ bríġ na léaġṫóraċta a ṫig roiṁ gaċ ceaċt go maiṫ aige. Agus annsin féin béiḋ air a intinn a oibriú leis an ċeaċt sgríoḃṫa a ḋéanaṁ mar ba ċeart. Béiḋ cuiḋiú an ṁúinteora a ḋíṫ air ar uairiḃ, mar d'ḟágas a lán ag an ṁúinteoir le ḋéanaṁ mar ṫreoruiḋe don sgoláire.

Is eagal liom sa staid a ḃfuil an Ġaeḋilg fa láṫair i gcuid de na sgoltaċa meaḋonaċa go mbéiḋ an tríoṁaḋ agus an ceaṫraṁaḋ leaḃar deacair go leor do na bliantaiḃ ar sgríoḃaḋ iad fa n-a gcoinne, aċ tá a súil agam naċ amlaiḋ ḃéas an sgéal amaċ annseo, nuair a ḃéas a

ḃeagán nó a ṁórán den teangaiḋ ag gaċ páirte ar a ṫeaċt ar sgoil ṁeaḋonaiġ dó.

Sílim go dtiocfaḋ le múinteoirí i sgoltaċa náisiúnta sa Ġaeḋaltaċt tairḃe mór a ḃaint as an tsraiṫ seo. Tá léaġṫóraċt agus cumadóraċt agus gramadaċ le foġluim arta, agus ina gcuideaċta sin tá ní a ḃíos ag cur ḃuaḋarṫa ar gaċ duine a ḃíos ag teagasg na Gaeḋilge, mar atá an litriú, le foġluim arta.

Tá mé an-ḃuiḋeaċ de mo ċaraid, de Ṫoirḋealḃaċ Ó Raiṫḃeartaiġ, M.A., a léiġ agus a ċuidiġ liom na fromṫa a ċeartú.

SÉAMUS Ó SEARCAIĠ.

Mí Ṁeaḋoin an Ḟoġṁair, 1931.

# An Clár.


| | Leaṫanaċ |
|---|---|
| I.—Is | 7 |
| II.—Tá | 12 |
| III.—Isé, Isí | 15 |
| IV.—Cuntas | 16 |
| V.—Bíonn | 17 |
| VI.—An t-Ainm Briaṫarḋa | 18 |
| VII.—Indiu, Indé | 19 |
| VIII.—Ag, Agam, srl. | 20 |
| IX.—Ċím, Cluinim, Éistim | 21 |
| X.—Le, Liom, srl. | 23 |
| XI.—Aimsear Ċaiṫte | 25 |
| XII.—Ċonaic, Ċuaiḋ | 27 |
| XIII.—Uiṁir Iolraiḋ (1) | 29 |
| XIV.—Ar, Orm, srl. | 30 |
| XV.—Ceiṫre Ráiṫe na Bliana | 32 |
| XVI.—Uiṁir Iolraiḋ (2) | 34 |
| XVII.—Sgéal: "Seán Mac Aoḋa agus an Gadaiḋe" | 36 |
| XVIII.—Aimsear Ḟáistineaċ | 38 |
| XIX.—Míosa na Bliana | 40 |
| XX.—Sgéal: "Eagla ar Ḋomhnall" | 42 |
| XXI.—Sgéal: "Cúig hArail!" | 43 |
| XXII.—Sgéal: "Curaċ Ṫomáis Ruaiḋ" | 45 |
| XXIII.—Sgéal: "An Sneaċta" | 47 |

Sonnets de bruin

# I—Is.

## 1.

Is balla é. Is tábla é. Is peann é. Is urlár é. Is cóta é. Is bearád é. Is bríste é. Is gúna é. Is clár duḃ é. Is gasúr é. Is pioctúir é. Is doras é.

## 2.

An peann é? 'Seaḋ.
An cóta é? 'Seaḋ.
An gúna é? 'Seaḋ.
An doras é? 'Seaḋ.
An pioctúir é? 'Seaḋ.
An bearád é? 'Seaḋ.
An gasúr é? 'Seaḋ.
An bríste é? 'Seaḋ.
An urlár é? 'Seaḋ.
An tábla é? 'Seaḋ.
An balla é? 'Seaḋ.
An clár duḃ é? 'Seaḋ.

## 3.

An tábla é? Ní heaḋ aċ balla.
An peann é? Ní heaḋ aċ bearád.
An gúna é? Ní heaḋ aċ bríste.

An gasúr é? Ní heaḋ aċ pioctúir.
An doras é? Ní heaḋ aċ urlár.
An clár duḃ é? Ní heaḋ aċ tábla.

## 4.

Goidé an rud é sin? Is tábla é.
Goidé an rud é sin? Is bearád é.
An bearád é sin? Ní heaḋ aċ cóta.
An balla é sin? 'Seaḋ.
An doras é sin? Ní heaḋ aċ urlár.
Goidé an rud é sin? Is cóta é.
An cóta é sin? Ní heaḋ aċ bríste.
Naċ peann é? 'Seaḋ.
Naċ urlár é sin? Ní heaḋ aċ doras.
Éiriġ agus siuḃail go dtí an doras.
Buail an clár duḃ.
Sgríoḃ p-e-a-n-n ar an urlár.
Cuir an bearád ar an tábla.
Dún an doras.
Fosgail an doras.
Tóg an bearád.

## 5.

Is hata é. Is leaḃar é. Is crann é. Is bóṫar é. Is gort é. Is capall é. Is asal é. Is teaċ é Is carr é. Is solus é. Is píopa é. An bearád é? Ní heaḋ aċ hata. Naċ leaḃar

é? 'Seaḋ. Naċ crann é? Ní heaḋ aċ carr. Goidé an rud é sin? Is teaċ é. An teaċ é sin? Ní heaḋ aċ capall.

## Ceaċt.

1. Tabair freagra orṫa seo:—

    Naċ peann é?
    An crann é?
    Goidé an rud é sin?

2. Críoċnuiġ iad seo:—

    Tóg ..........................
    Cuir ..........................
    Sgríoḃ ..........................
    Siuḃail ..........................
    Éiriġ ..........................
    Fosgail ..........................
    Dún ..........................

3. Cuir deireaḋ leo seo:—

    Is ..........................
    An ..........................?
    Naċ ..........................?
    Goidé ..........................?

## 6.

Is peann goirid é. Is tábla fada é. Is bearáḋ beag é. Is hata mór é. Is balla bán é. Is doras duḃ é.

Is gort glas é. Is crann árd é.
Is leaḃar saor é. Is peann daor é.
Is urlár glan é. Is cóta salaċ é.

## CEAĊT.

Cuir tús agus deireaḋ le :—

| | | |
|---|---|---|
| ...................... | mór | ...................... |
| ...................... | glas | ...................... |
| ...................... | bán | ...................... |
| ...................... | árd | ...................... |
| ...................... | saor | ...................... |
| ...................... | beag | ...................... |
| ...................... | fada | ...................... |
| ...................... | salaċ | ...................... |
| ...................... | glan | ...................... |
| ...................... | goirid | ...................... |
| ...................... | daor | ...................... |
| ...................... | duḃ | ...................... |

## 7.

Is cailín í. Is fuinneog í. Is bróg í. Is láṁ í. Is cos í. Is cluas í. Is súil í. Is cailc í. Is srón í. Is bó í. Is teine í. Is scian í. Is eoċair í. Is ordóg í. Naċ fuinneog í? 'Seaḋ. Naċ cailín í? 'Seaḋ. Naċ cluas í? Ní heaḋ aċ láṁ. An bó í?

'Seaḋ. An ordóg í? Ní heaḋ aċ cluas. Goidé an rud é sin? Is eoċair í. Naċ súil í? Ní heaḋ aċ srón. An sgian í? 'Seaḋ.

## CEAĊT.

Cuir deireaḋ le:—

Is teine ........
Is cóta ........
Is urlár ........
Is fuinneog ........
Is cluas ........
Is bríste ........
Is bó ........
Is eoċair ........
Is doras ........
Is sgian ........
Is láṁ ........

# II—TÁ.

## 1.

Tá Tomás ag an doras.
Tá Seán ar an urlár.
Tá Nóra ar an tábla.
Tá Máire ag an teiniḋ.
Tá mé ar an urlár.
Tá tú ag an doras.
Tá sé ag an teiniḋ.
Tá sí ar an tábla.

Níl Séamus ar an tábla; tá sé ar an urlár. Níl Úna ag an doras; tá sí ag an teiniḋ. Níl Peadar ag an tábla; tá sé ag an doras. Níl Pádraig ar an stól; tá sé ar an urlár.

## 2.

Tá mé 'mo ṡeasaṁ ag an doras. Tá tú 'do ṡeasaṁ ag an teiniḋ. Tá mé 'mo ṡuiḋe ar an tábla. Tá tú 'do ṡuiḋe ar an urlár. Tá Seán 'na ṡeasaṁ ar an stól. Tá Úna 'na seasaṁ ar an tábla. Níl Pádraig 'na ṡeasaṁ; tá sé 'na ṡuiḋe. Níl Nóra 'na seasaṁ; tá sí 'na suiḋe. Tá Tomás 'na ċodlaḋ. Níl mé

'mo ċodlaḋ; tá mé 'mo ḋúiseaċt. Tá sí 'na codlaḋ, aċ níl tú 'do ċodlaḋ. Tá sí 'na ḋúiseaċt anois.

## CEAĊT.

Críoċnuiġ iad seo:—

Tá Séamus ................ (seasaṁ).
Tá Úna ........................ (suiḋe).
Tá mé ........................ (codlaḋ).
Tá tú ........................ (dúiseaċt).
Tá sé ........................ (suiḋe).
Tá sí ........................ (seasaṁ).

## 3.

An bfuil tú 'do ṡeasaṁ? Tá. An bfuil mé 'mo ṡeasaṁ? Níl; tá tú 'do ṡuiḋe. An bfuil Seán 'na ṡuiḋe. Tá, aċ níl Peadar 'na ṡuiḋe; tá sé 'na luiġe. Tá sé 'na ċodlaḋ. Níl Nóra 'na seasaṁ; tá sí 'na suiḋe. An bfuil Pádraig 'na ḋúiseaċt? Tá. Cá bfuil Tomás? Tá sé 'na ṡeasaṁ ag an doras. Cá bfuil Nóra? Tá sí 'na suiḋe ag an teiniḋ. Naċ bfuil Úna ar an tábla? Níl; tá sí ar an urlár. Naċ bfuil Séamus ag an doras? Tá, agus tá Seán ag an doras fosta (freisin).

## Ceaċt.

1. Cum ceist le :—

   cá, naċ, an.

2. Cum ceisteanna do na freagraí :—

   Tá mé ag an teiniḋ. Tá mé 'mo ċodlaḋ.

3. Tabair freagra ar :—

   Cá bfuil Seán? An bfuil mé 'mo suiḋe?

4. Tabair freagra ar :—

   An bfuil tú 'do seasaṁ?
   Naċ bfuil Seán 'na suiḋe?
   An bfuil mé 'mo ċodlaḋ?

5. Cuir isteaċ an briaṫar ionnta seo :—

   ....................fear mór é.
   ....................sé ag an doras.
   ....................tú ag an teiniḋ?
   ....................tábla é?

# III—Isé, isí.

Isé Tomás Ó Ḋoṁnaill é; tá sé 'na seasaṁ ar an urlár. Isí Úna Ní Ḋoṁnaill í; tá sí 'na suiḋe ag an teiniḋ. Cé hé sin? Isé Pádraig Mac Ḋoṁnaill é. Cé hí sin? Isí Nóra Nic Ḋoṁnaill í. Cé hé sin atá ag an doras? Isé Séamus Ó Néill é. Cé hé sin atá ar an tábla? Isé Seán Mac an Ḃaird é. An é Pádraig Ó hAoḋa atá ag an teiniḋ? Isé. An í Máire Ní Néill atá ag an doras? Isí. An doras é? 'Seaḋ. An peann é? Ní heaḋ aċ bearád. An ḃfuil tú 'do ċodlaḋ? Níl; tá mé 'mo ḋúiseaċt. Cá ḃfuil Seán? Tá sé 'na luiġe agus tá sé 'na ċodlaḋ.

## Ceaċt.

Cuir tús leo seo:—

..................... Pádraig Ó Gallċoḃair é.
..................... Nóra Nic an Ḃaird í.
..................... atá ag an teiniḋ?
..................... tú 'do suiḋe?
..................... atá ar an urlár?
..................... peann é?
..................... cailín í?

# IV—Cuntas.

A haon, a dó, a trí, a ceaṫair, a cúig, a sé, a seaċt, a hoċt, a naoi, a deiċ, a haondéag, a dó déag, a trí déag, a ceaṫair déag, a cúig déag, a sé déag, a seaċt déag, a hoċt déag, a naoi déag, a fiċe.

A haon agus a dó, sin a trí. A dó agus a trí, sin a cúig. A cúig agus a ceaṫair, sin a naoi. A seaċt agus a hoċt, sin a cúig déag. A deiċ agus a deiċ, sin a fiċe.

A trí agus a ceaṫair, ca ṁéad sin? Sin a seaċt. Tá seaċt lá sa tseaċtṁain: An Luan, an Ṁáirt, an Ċéadaoine, an Dia'rdaoin, an Aoine, an Saṫarn, an Doṁnaċ.

## Ceaċt.

Taḃair freagra orṫa seo:—

A cúig agus a trí, ca ṁéad sin?
A ceaṫair agus a dó, ca ṁéad sin?
A sé agus a cúig, ca ṁéad sin?
Ca ṁéad lá sa tseaċtṁain?
Ca ṁéad Doṁnaċ sa tseaċtṁain?

# V—Bíonn.

Bím ar scoil sé lá gaċ seaċtṁain. Bím ar scoil gaċ Luan, gaċ Máirt, gaċ Céadaoine, gaċ Dia'rdaoin, gaċ Aoine, gaċ Saṫarn. Ní bím ar scoil ar an Doṁnaċ; bím ar an Aifreann gaċ Doṁnaċ. Bíonn Aifreann i dteaċ an ṗobail gaċ maidin ar a hoċt a ċlog. Bíonn dá Aifreann ann gaċ Doṁnaċ, Aifreann ar a naoi a ċlog agus Aifreann eile ar a haon déag. An mbíonn tú ar an mbaile mór go minic? Bím; bím ann gaċ Saṫarn. An mbíonn Tomás Ó Doṁnaill ann? Bíonn; bíonn sé ann gaċ Doṁnaċ. Tá sé trí míle go dtí an baile mór. Cá mbíonn tú gaċ Saṫarn?

## Ceaċt.

1. Abair seaċt lá na seaċtṁaine.
2. Críoċnuiġ iad seo:—

   Bím ar an Aifreann ........................
   Bím ar an mbaile mór........................
   Bím ar scoil ........................................

3. Cuir tús orṫa seo:—

   ........................tú ar an Aifreann gaċ Doṁnaċ?
   ........................tú gaċ Doṁnaċ?

# VI—An t-Ainm Briaṫarḋa.

Tá mé ag siubal go dtí an doras. Tá tú ag léiġeaḋ ar an leabar. Tá an maiġistir ag sgríobaḋ sa leabar. Tá Pádraig ag éirġe 'na seasaṁ. Tá Seán ag dul ar sgoil. Tá Tomás ag caint. Ná bí ag caint, a Ṫomáis. Bí 'do ṫost, a Ṡeáin. Tá Seán 'na ṫost anois, aċ bíonn sé ag caint go minic. Isé Tomás atá ag caint anois. Tá Seán ag éisteaċt. An é Pádraig atá ag sgríobaḋ? Ní hé; isé Séamus atá ag sgríobaḋ. Ná bí ag sgríobaḋ ar an urlár, a Ṡéamuis.

## Ceaċt.

Cuir isteaċ na focla atá ar lár annseo:—

Bí ..............................(Seán).
Ná ..............................(Tomás).
Tá mé..........................go dtí an teine.
Tá tú ..........................ar an urlár.
Tá Nóra.......................ar an leabar.
Tá Úna ......................anois, aċ bíonn sí ag caint go minic.
.....................Peadar atá ag siubal.
.....................Máire atá 'na suiḋe.
.....................atá ag caint?

# VII—Indiu, Indé.

Indiu an Luan. Ḃí mé ar an Aifreann indé. Ḃí Seán mall ar sgoil ar maidin indiu. Ḃíonn sé mall go minic. Ḃí an cigire sa sgoil indé agus ḃí sé ag caint le Tomás Ó Doṁnaill. Ḃí an Sagart Mór sa sgoil indiu agus ḃí sé ag siubal síos suas an t-urlár. Is fear árd é. Ḃíonn sé ar an mbaile ṁór gaċ lá. Ḃíonn an maiġistir ar an mbaile ṁór gaċ Saṫarn. Ḃí mé i mBaile Áṫa Cliaṫ indé. Is deas an áit é. Ḃí gárda 'na seasaṁ ag dorus siopa agus é ag caint le gasúr beag. Ḃí an gasúr beag ag caoineaḋ. An raiḃ tú ag caoineaḋ indé? Ní raiḃ; ḃí mé ag gáiriḋe. An raiḃ tú ag caint? Ḃí. Cá raiḃ tú ar maidin indiu? Ḃí mé ar an mbaile ṁór.

## Ceaċt.

Cum ceisteanna do na freagraí:—

Ḃí mé ar sgoil Dia Saṫairn.

Tá seaċt lá sa tseaċtṁain.

Isé Tomás a ḃí ag caint.

Taḃair freagra orṫa seo:—

Cé hé a ḃí ag léiġeaḋ?

Cá raiḃ tú Dia Luain?

Ca méad Saṫarn sa t-seaċtṁain?

An raiḃ tú ar an mbaile ṁór indé?

Goidé an t-am é anois?

A naoi agus a hoċt, ca méad sin?

# VIII—Ag, Agam, Srl.

Tá peann ag Pádraig agus tá leaḃar ag Nóra. Tá sgilling aige agus tá sgilling aici fosta (freisin). Ḃí pingin agam indé agus tá réal agam indiu. Cá ḃfuil an peann a ḃí agat ar maidin indiu? Tá sé ar an tábla. Tá siopa againn ar an mbaile mór. An ḃfuil teaċ agaiḃ i mBaile Áṫa Cliaṫ? Níl, aċ tá ḋá ṫeaċ againn i Luimneaċ. Ḃí mé ag caint le Tomás agus le Seán Ó Doṁnaill Dia hAoine agus tá capall rása acu i gCorcaiġ. Éiriġ agus léiġ an leaḃar sin agus ná ḃí ag caint mar sin. Is maiṫ an garsúr Peadar Ó Néill; ní ḃíonn sé ag caint. Is fallsa an cailín Úna Ní Ḋoṁnaill; ní ḃíonn sí ag foġluim. Tá leaḃar Béarla agam. Léiġ é, a Ṗeadair. Ḃí cúig sgillinge agat Dia Luain; cá ḃfuil siad anois? Tá siad sa ḃaile. Imṫiġ leat aḃaile anois. Slán agat. Go dté tú slán.

## Ceaċt.

Taḃair freagra orṫa seo:—

An ḃfuil trí sgillinge agat? An ḃfuil peann agam? Tá sgilling ag Seán agus tá ḋá sgilling ag Nóra. Ca ṁéad sgilling acu? An raiḃ leaḃar ag Tomás indé? An raiḃ peann ag Nóra ar maidin indiu? Cé haige a raiḃ an leaḃar Béarla indé? Goidé atá agaiḃ?

# IX—Ċím, Cluinim, Éistim.

Ċím crann ag an loċ. Tá sé árd glas. Ċím éan sa spéir agus cluinim é ag cantain ċeoil. Is fuiseog í. An bfeiceann tú an teaċ mór bán úd? Ċím; isé teaċ na sgoile é. An gcluin tú an maiġistir ag caint? Cluinim; bíonn sé ag caint go minic. An bfeiceann an maiġistir Seán 'na ċodlaḋ? Ní ḟeiceann. An gcluin sé Pádraig ag gáiriḋe? Ní ċluineann. Ná habair focal. Is binn béal 'na ṫost. Is binn an ceol atá ag Seán. Éist leis. Ḃí mé ag éisteaċt leis Dia Máirt. Cé ḃí ag cantain ċeoil sa sgoil ar maidin indiu? Níl a ḟios agam. Ní ḟeicim Peadar Mac an Ḃáird anois. Ċím é gaċ Doṁnaċ ar an Aifreann. Cluinim é ag caint go minic le Séamus Ó hAoḋa.

## Ceaċt.

1. Tabair freagra orṫa seo:—

   An bfeiceann tú an teine?

   Naċ gcluin tú Seán ag caint?

2. Cum ceisteanna do na freagraí seo:—

   Cluinim an ceol.

   Ċím an doras.

3. Cuir tús leo seo :—

........................sé ar scoil Dia'rdaoin.

........................Séamus atá ag cantain ċeoil.

........................Seán ar an Aifreann gaċ Doṁnaċ.

4. Cuir isteaċ na focla atá ar lár annseo :—

Tá sgilling....................tábla. Is....Nóra í. Tá sí................Tomás anois. ....................Tomás ag caint. Tá Gaeḋilg.............. Éist.............. Nóra. Tá Gaeḋilg....................fosta. Is binn béal....................

5. Tabair freagra orṫa seo :—

An mbíonn tú ag caint i dteaċ an ṗobail?

An bfuil ceol agat?

An é an Doṁnaċ atá ann inḋiu?

Cá mbíonn tú gaċ Saṫarn?

An gcluin tú an ḟuiseog ag cantain ċeoil gaċ maidin?

# X—Le, Liom, Srl.

An bfeiceann tú an leaḃar seo? Ċím. Is le Seán Ó Doṁnaill é. Is le Páḋraig Ó hAoḋa an peann. Is leis an sgian fosta. Is le Máire Ní Ḃriain an hata. Is léiṫe an mála fosta. Is liom an cóta mór. Is leat an sparán. An bfeiceann tú an capall úd? Ní ḟeicim; cá bfuil sé? Tá sé sa páirc. Ó, ċím anois é. Cé leis é? Is le Séamus Ó Ḃriain é. Is linn an teaċ mór bán úd. An liḃ an capall duḃ atá ag an teaċ? Is linn; agus is linn an t-asal beag atá ag an doras. An bfeiceann tú Séamus agus Tomás Ó Doṁnaill? Ċím. Ḃí mé ag caint le Séamus indé. 'Cé leis an crann sin?' arsa mise. 'Is linne é,' arsa seisean. Is leo an crann sin, agus is breaġ an crann é. Is breaġ an lá é. Ḃí sé fuar indé, aċ tá sé te indiu. Is maiṫ liom lá breaġ, aċ ní maiṫ liom lá fuar. An maiṫ leat arán? Is maiṫ; agus is maiṫ liom im. Is liom an t-airgead seo.

## Ceaċt.

1. Taḃair freagra orṫa seo:—

Cé leis an sgoil?

An leat an clár duḃ?

Naċ liom an capall úd?
An léiṫe an gúna?
An maiṫ leat arán?
An maiṫ leis lá fuar?
An maiṫ linn an sgoil?
An leo an baile mór?
Naċ liḃ an sgoil?

2. Cuir isteaċ na focla atá ar lár annseo:—

Tá leaḃar ag Tomás agus is................é.
Tá sgian agam aċ ní................í.
Tá sgilling ag Úna agus is....................í.
Tá pinginn agat aċ ní................í.
Tá clár duḃ againn aċ ní................é.
Tá cúig sgillinge agaiḃ agus is................ iad.
Tá airgead acu agus is................é.

# XI—Aimsear Ċaiṫte.

D'éiriġ Seán ar maidin inḋiu. D'féaċ sé ar an gclog. 'Ó,' ar seisean, 'tá sé mall; tá sé leaṫ-uair tar éis a hoċt.' Niġ sé a aġaiḋ go tapaiḋ agus ċaiṫ sé a ḃreicfeasta. Ċuir sé a ṁála ar a ḋruim agus d'imṫiġ sé ar sgoil. Ar an mbealaċ ċonaic sé siopa uḃall. Ċuaiḋ sé isteaċ agus ċeannuiġ sé uḃall mór dearg. D'iṫ sé an t-uḃall agus ḃí sé sásta. Ṡiuḃail sé leis annsin agus nuair a ṫáinig sé isteaċ sa sgoil, ḃí an rang ag obair. Ḃí fearg ar an maiġistir agus sgairt sé aníos ar Ṡeán. 'Goiḋé ṫáinig ort ar maidin?' arsa'n maiġistir. 'Níor éiriġ mé i n-am, a ṁaiġistir,' arsa Seán. Níor ḃuail an maiġistir é. 'Ar léiġ tú ceaċt a cúig déag aréir?' arsa'n maiġistir. 'Léiġ, a ṁaiġistir,' arsa Seán. 'Léiġ é anois,' ar seisean annsin. Léiġ Seán é, aċ níor tuig sé é. Ṁiniġ an maiġistir an ceaċt. 'Ar sgríoḃ tú an leitir a d'iarr mé ort a sgríoḃaḋ?' arsa'n maiġistir. 'Níor sgríoḃ; ní raiḃ am agam aréir,' arsa Seán. Fuair an maiġistir an slat agus ḃuail sé Seán boċt.

## Ceaċt.

1. Cuir tús orṫa seo:—

............Ḃuail an maiġistir é?
............Ċaiṫ tú do ḃreicfeasta ar maidin?
............Léiġ mé an leaḃar?
............iṫ tú an t-uḃall?
............imṫiġ sé ar sgoil?

2. Taḃair freagra orṫa seo:—

Ar éiriġ tú go moċ ar maidin indé?
Ar ḃuail an maiġistir tú indiu?
Ar ċuir tú an mála ar an urlár?
Ar ṡiuḃail tú cúig míle?

3. Déan diúltaċ iad seo:—

D'iṫ mé mo ḃreicfeasta.
D'ól mé cupa bainne.
Ḋún tú an doras.
D'ḟosgail Seán é.
Ḃuail sé an gasúr.
Ċuir sé an mála ar a ḋruim.
Ṡiuḃail sé cúig míle.
Léiġ sé an leaḃar.

# XII—Ċonaic, Ċuaiḋ.

An ḃfeiceann tú an crann sin? Ċím. Tá sé ag fás annsin le fiċe bliain. Ċonaic mé crann inḋé a ḃí mór árd agus agus ḃí sé ann le céad bliain. An ḃfaca tú an Sagart Mór inḋé? Ní faca, aċ ċonaic mé é Dia Luain. Ca ḃfaca tú é? Ċonaic mé sa sgoil é. Ċuaiḋ sé suas go Baile Áṫa Cliaṫ Dia Máirt agus ṫáinig sé ar ais Dia hAoine. An nḋeaċaiḋ an ministéir go Baile Áṫa Cliaṫ leis? Ní ḋeaċaiḋ; ċuaiḋ sé go Bun Doḃráin. Téiġeann sé go Bun Doḃráin go minic. Is breaġ an áit Bun Doḃráin. Ḃím ag snáṁ ann go minic. Is maiṫ liom beiṫ ag siuḃal ar an tráiġ ann. Ḃíonn aer breaġ follán ag teaċt isteaċ ó ḃun na spéire agus bíonn pléisiúr ar gaċ duine ann má ḃíonn an aimsear maiṫ. Ní ḃíonn an aimsear maiṫ i gcoṁnuiḋe i nÉirinn.

1. Cum ceisteanna do na freagraí seo:—
   Ċonaic. Ċuaiḋ.

2. Déan diúltaċ iad seo:—

   Ċonaic mé tú inḋé. Ċuaiḋ mé go Corcaiġ Dia Satairn.

3. Cuir isteaċ na focla atá ar lár annseo :—

Ḃí mé i mBun Doḃráin Dia....................
agus ḃí mé ag....................san uisge.
Ṫáinig mé....................Dia....................
agus ċuaiḋ mé go....................Dia
.................... Ċonaic mé.................... i
.................... agus labair mé................

4. Tabair freagra orṫa seo :—

An bfaca tú Fionn mac Cumaill ariaṁ?
An ndeaċaiḋ tú go Bun Doḃráin indé?
An dtáinig Naoṁ Pádraig go hÉirinn?
Cá mbíonn tú ag snáṁ?
Cá bfaca tú long an céad uair ariaṁ?

# XIII—Uiṁir Iolraiḋ.

Ċeannuiġ mé cúig pinn i nDoire Dia Céadaoine. Ċonaic mé ceiṫre bradáin i siopa ann. An bfeiceann tú na fir atá ag obair sa páirc sin? Ċím; agus ċím trí capaill. Tá sé crainn ann. Ḃí sé leaḃair agam inné, aċ ċaill mé iad. Cá bfuil na bearáid? Níl a ḟios agam. Tá trí guirt againn agus tá preataí agus coirce ag fás in gaċ gort acu. Ca ṁéad sparán agat? Níl sparán ar bit agam, aċ tá ceiṫre sparáin ag Seán Ó Doṁnaill. Ca ṁéad doras ar an sgoil? Tá dá doras ar an sgoil seo, aċ tá trí doirse ar sgoil Ṁín na Ḃó. An bfuil cat agaiḃ sa ḃaile? Tá cúig cait againn, aċ níl againn aċ aon ṁadaḋ aṁáin. Is maiṫ an madaḋ é. Ṁarḃ sé coinín inné.

## Ceaċt.

Críoċnuiġ iad seo:—

Ċeannuiġ mé trí...................(peann).
Cá bfuil na...................(fear)?
Ċím na...................(crann).
Cúig...................(doras).
Is liom na...................(bearád)
Ṁarḃ mé cúig...................(bradán).
Ċaill tú na...................(sparán).
Buail na...................(cat).
An bfeiceann tú na...................(gort)?

# XIV—Ar, Orm, Srl.

Tá hata ar Nóra indiu. Ḃí fallaing uirṫi indé. Ḃí bearád ar Ṫomás indé, aċ tá hata air indiu. Tá cóta orm. Níl cóta ort. Cé hair a ḃfuil an cóta mór? Is ar Ṗádraig atá sé. Ḃí bróga orainn Dia Doṁnaiġ. Níl bróga oraiḃ indiu mar tá an aimsear breaġ. Féaċ ar Ṫomás agus ar Ṡeán; tá bróga orṫa. Is trom an rud bróga lá te. Ċuaiḋ mé ar sgoil lá fuar gan bróga orm agus ṫáinig slaġdán orm. An ḃfuil ocras ort? Níl, aċ tá tart orm. Tá tobar fíor-uisge annsin agus ól deoċ as. Ó, tá tinneas cinn orm. Cá ḃfuil Nóra Nic an Ḃáird indiu? Tá sí 'na luiġe mar tá tinneas uirṫi. Slaġdán an eaḋ? Ní heaḋ, aċ bruicineaċ. Go sábála an Rí í! An ḃfuil sí go holc? Ḃí sí dona go leor, aċ tá biseaċ beag uirṫi indiu. Is olc an rud an ḃruicineaċ.

## CEAĊT.

Cuir isteaċ na focla atá ar lár annseo :—

Tá cóta mór agam agus ḃí sé....................Dia Doṁnaiġ. Ċeannuiġ Pádraig bróga agus ḃí siad....................indé. An ḃfuil hata..............., a Ṡéamuis? Tá gúna nua ag Úna agus ḃí

ſé...................Dia Luain. An bfuil tinneas cinn..................., a Ṡeáin? Ní raiḃ Tomás ná Pádraig ar sgoil inḋiu, tá bruicíneaċ................ A Ṡeáin, agus a Ṫomáis, an bfuil slaġdán ...................? Níl slaġdán...................aċ tá tinneas cinn...................

1. Tabair freagra orṫa seo:—

Ca méad lá ón Luan go Saṫarn?

Goidé an t-am ar éiriġ tú ar maidin inḋiu?

An bfeiceann tú an ġrian gaċ lá?

Ar ṫuit tú ar an ród ariaṁ?

Cé hé a sgríoḃ an leabar seo?

Ar ḋíol tú bó inḋiu?

An mbíonn tú ar an Aifreann gaċ lá?

Cá mbíonn tú gaċ lá?

Cad a bíos tú a ḋéanaṁ ar sgoil?

# XV—Ceiṫre Ráiṫe na Bliana.

Tá ceiṫre séasúir sa ḃliain. Isé an t-earraċ an ċéad séasúr. Bíonn sé fuar go leor san earraċ. Ní ṫig fuaċt go dtige earraċ, deir an sean-ḟocal.

Isé an saṁraḋ an dara séasúr. Bíonn teas ann sa tsaṁraḋ. Bíonn bláṫa gaċ áit. Is maiṫ liom an t-earraċ, aċ is fearr liom an saṁraḋ.

Isé an foġṁar an treas séasúr. Bíonn an coirce buiḋe san ḟoġṁar. Is deas siubal amaċ sa tráṫnóna agus féaċaint ar an ċoirce buiḋe.

Isé an geiṁreaḋ an ceaṫraṁaḋ séasúr. Ní maiṫ liom an geiṁreaḋ. Bíonn sé fuar fliuċ sa ġeiṁreaḋ agus is minic sioc agus sneaċta ann.

Ainm eile ar na ceiṫre séasúir ceiṫre ráiṫe na bliana. Nuair a ḃí mé óg, d'ḟoġluim mé é seo: Lá Féile Pádraig san earraċ; Lá Féile Eoin sa tsaṁraḋ; Lá Féile Muire san ḟoġṁar; agus Lá Nodlag sa ġeiṁreaḋ.

## CEACT.

1. Abair ceiṫre ráiṫe na bliana.
2. Cé acu de na ceiṫre séasúir is fearr leat?

3. Goiḋé an t-am den ḃliain a mbíonn Lá Nodlag ann?

4. Sgríoḃ sean-focal fa'n aimsir san earraċ.

5. Ca huair a ḃíos sioc agus sneaċta ann?

6. Cuir isteaċ na focla atá ar lár annseo :—

..................maiṫ..................an saṁraḋ
..................an aimsear..............agus
..................an féar ag..................
Is..................liom an saṁraḋ 'ná
an.................. Ní ḃíonn..................
ann sa tsaṁraḋ ; ..................teas
ann.

# XVI—Uiṁir Iolraiḋ.

Ḃí Doṁnall Ó Gallċoḃair ar an Aifreann inḋiu. Ḃí bróga nua air. Tá sean-ḃróga orm. Féaċ ar na cluasa atá ar Ṡeán. Níl siad glan. Níl láṁa Úna glan. Is mór na cosa atá ar Éamonn. Tá siad salaċ. Tá cúig fuinneoga ar an sgoil. Féaċ ar an gclog. Tá sé a trí a ċlog. Ċeannuiġ mé an clog sin tá mí ó ṡoin ann. Ṫug mé trí ṗunta air. An ḃfuil a ḟios agat cé leis a raiḃ mé ag caint ar maidin inḋiu? Níl a ḟios agam. Ḃí mé ag caint leis an Ḃacaċ Ruaḋ. Siuḃaileann sé an baile seo gaċ samraḋ. Ḃí mála ar a ḋruim, aċ ní raiḃ sé lán. Ḃíonn sgéalta go leor aige. Ḃí sé i mḃaile Áṫa Cliaṫ san earraċ agus ċonaic sé Rí na Spáine ann. Ní faca mé rí ariaṁ aċ ar pioctúir. Ḃí Rí na Sasan uair i mḃéal Feirste agus ḃí gaċ duine ar an tsráid ag féaċaint air.

## Ceaċt.

1. Críoċnuiġ iad seo:—

Cuir ort na....................(bróg).
Niġ na....................(cos).
Trí....................(fuinneog).

Ṫóg na.....................(láṁ).

Ḃuail Seán na.....................(cluas).

2. Cuir isteaċ na focla atá ar lár annseo :—

Ḃí mé..................... seasaṁ..................... an doras Dia.....................agus ċonaic mé an Ḃacaċ Ruaḋ ag..................... anios. Laḃair mé.....................agus laḃair sé..................... Ḃí sgéalta .....................aige. Ḃí sé ag caint .....................Rí.....................Ní..................... Rí na hÉireann ariaṁ.

3. Taḃair freagra orṫa seo :—

Goiḋé an t-am a mbíonn an féar ag fás ?

Cé acu is fearr leat an samraḋ 'ná an geiṁreaḋ ?

An mbíonn teas ann san earraċ ?

Ca ṁéaḋ láṁ agus ca ṁéaḋ ċos ar ṫriúr fear ?

# XVII—Sgéal: Seán Mac Aoḋa agus an Gaduiḋe.

Lá fuar a ḃí ann. Ḃí Seán Mac Aoḋa 'na ṡuiḋe ag an teiniḋ agus é ag léiġeaḋ. D'éiriġ sé agus ċuaiḋ sé amaċ. Ṫáinig sé isteaċ arís agus ḋearg sé an píopa. 'Is é atá fuar amuiġ,' ar seisean. 'Is fearr liom istiġ 'ná amuiġ lá mar sin.' Ċuir sé air a ḣata agus ṫug sé isteaċ cliaḃ mónaḋ agus ċuir sé cupla fóḋ ar an teiniḋ. Ċuir sé pota uisge ar an teiniḋ annsin agus líon sé an pota le preataí. Ṫug sé na preataí do na muca. D'iṫ na muca iad. Tá sé muca ag Seán. Ḋíol sé trí muca i gCorcaiġ Dia hAoine. Fuair sé cúig punta ar gaċ ceann acu agus ḃí sé sásta. Ṫáinig gaduiḋe air nuair a ḃí sé ag teaċt abaile agus ġoiḋ sé an t-airgeaḋ ó Ṡeán boċt. Rug gárda ar an ngaduiḋe i Luimneaċ agus tá sé sa ṗríosún anois.

## Ceaċt.

1. Cum sgéal beag ar seo:—

Tomás Ó Doṁnaill—i Luimneaċ—bó—fiċe punt—gaduiḋe—gárda—an príosún.

2. Taḃair freagra orṫa seo :—

Díol mé trí muca ar ċeiṫre punt an ceann, ca ṁéad a fuair mé ar na trí cinn?

3. Ċeannuiġ mé péire bróg ar dá punt, ca ṁéad a ḃí agam annsin?

4. Ċaill mé sgilling agus ċeannuiġ mé píopa ar ċeiṫre sgillinge agus hata ar ċúig sgilling déag, ca ṁéad a ḃí agam nuair a ṫáinig mé aḃaile?

5. Ḃí punt agam ar maidin agus ċeannuiġ mé leaḃar ar oċt bpinginn déag, ca ṁéad a ḃí agam annsin?

6. Ṫug mé réal do ḃacaċ agus ċeannuiġ mé trí hublaí ar réal eile, ca ṁéad a ḃí agam annsin?

# XVIII—Aimsear Ḟáistineaċ.

Indiu an Luan. Indé an Domnaċ. I mbáraċ an Ṁáirt. Béiḋ mé ar an sgoil i mbáraċ. Éireoċaiḋ mé go moċ agus raċaiḋ mé ar an Aifreann. Tiocfaiḋ mé aḃaile annsin agus caiṫfiḋ mé mo ḃricfeasta. Cuirfiḋ mé mo ṁála ar mo ḋruim agus siuḃailfiḋ mé liom go tapaiḋ ar sgoil. Ceannóċaiḋ mé leaḃar nua agus léiġfiḋ mé é. Béiḋ ocras orm ar a trí a ċlog agus íosaiḋ mé mo ḋinneár. An dtiocfaiḋ tú liom, a Ṡeáin, go Loċ na mBreac tráṫnóna? Tá bric go leor ar an loċ sin agus béimiḋ ag iasgaireaċt go luiġe gréine. Éireoċaiḋ an ġrian ar a cúig a ċlog ar maidin i mbáraċ agus raċaiḋ sí a luiġe—níl a fios agam goidé an t-am a raċaiḋ sí a luiġe, agus is cuma liom. Béimiḋ ag iasgaireaċt go luiġe gréine ar ḋóiġ ar bith.

## CEAĊT.

Cuir 'i mbáraċ' i n-ionad 'indé' agus sgríoḃ é seo annsin :—

> D'éiriġ Peadar indé agus ċuaiḋ sé go Doire. Ḋíol sé capall agus ċeannuiġ sé bó. Ṫáinig ocras air

agus d'iṫ sé dinnéar maiṫ. Ḃí tart air agus d'ól sé gloine uisge beaṫa. Ċuir sé a hata ar a ċeann agus ṡiubail sé leis abaile annsin.

Ḃíomar ag caint ar an aonaċ indé agus ċuamar isteaċ i siopa agus ċeannuiġeamar bróga. Ṫáinig-eamar amaċ arís agus d'iṫeamar dinnéar maiṫ. Nuair a ḃí an din-néar iṫte againn d'éiriġeamar agus ḋíolamar trí sgillinge an duine air. Ṡiubaileamar abaile annsin. Ḃí sgéalta go leor againn fa'n aonaċ agus ċosuiġeamar gur innis-eamar iad sa baile.

# XIX—Míosa na Bliana.

Tá dá mí déag sa bliain: Eanar, Feabra, Márta, Aibreán, Bealtaine, Meiṫeaṁ, Iúl, Luġnasa, Meaḋon Foġṁair, Deireaḋ Foġṁair, Saṁain, Nodlaig.

Nuair a bím ag sgríoḃaḋ leitre cuirim an lá agus an mí agus an bliain ag a barr. Sgríoḃ mé leitir inḋé agus seo an dáta a ċuir mé uirṫi: 3aḋ Meiṫeaṁ, 1931. Cé acu mí den bliain is fearr leat? Is maiṫ liom an Bealtaine agus an Nodlaig, aċ is fearr liom mí an Iúil 'ná mí ar biṫ eile sa bliain. Ní maiṫ le duine ar biṫ mí na Márta. Bíonn sé fuar i mí na Márta agus bíonn tinneas ag dul ṫart. Bím ag snáṁ san fairrge i mí an Meiṫiṁ agus i mí an Iúil. Bíonn an sáile te sa tsaṁraḋ agus is deas beiṫ ag léimniġ san uisge.

## Ceaċt.

1. Cuir síos trí mí an tsaṁraiḋ.
2. Sgríoḃ lá agus mí na ḃféilte seo:—
   Lá Ḟéile Bríġde, Lá Ḟéile Pádraig, Lá Ḟéile Eoin, Lá Ḟéile Muire, Lá Nodlag.
3. Taḃair freagra orṫa seo:—
   Ċonaic mé crann úball agus bí na

húbla dearg, goidé an ṁí a ḃí ann?

Ḃí fear ag baint ċoirce agus mé ag teaċt ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ, goidé an ṁí a ḃí ann?

Ḃí fir ag cur ṗreataí indé, goidé an ṁí atá ann?

Cuir síos trí ṁí an earraiġ.

Abair trí ṁí an tsaṁraiḋ.

Goidé an ráiṫe ina mbíonn an Nodlaig?

An bfásann an coirce sa ġeiṁreaḋ?

Naċ fearr an geiṁreaḋ 'ná an saṁraḋ?

Ca huair a ḃíos bláṫa ann?

Ca ṁéad mí sa leiṫ-ḃliain?

Ca ṁéad lá i mí an Ṁeiṫim?



I—1172

# XX—Sgéal: Eagla ar Ḋoṁnall.

Ḃí Doṁnall ar an mbaile mór agus ṫáinig an oiḋċe air ag é ag teaċt abaile. Ċuaiḋ sé ar seaċrán agus ḃí sé ag siubal síos suas agus anonn is anall go raiḃ sé tuirseaċ. 'Tá tuirse orm,' ar seisean; 'agus tá tart agus ocras orm, agus níl a ḟios agam cá ḃfuil mé?' Ṫáinig eagla air. Ċuala sé glór. Glór duine ḃí ann. Ní ḟaca sé duine ar biṫ, aċ ċuala sé an glór mar sin féin. D'aṁarc sé tart. Ní raiḃ duine ar biṫ le feiceáil. 'Go sábála Dia mé!' arsa Doṁnall boċt. Le sin ċonaic sé an rud mór duḃ. Níor ḟéad Doṁnall cos a ḃogaḋ le heagla. D'éiriġ an ġruag 'na seasaṁ ar a ċeann. Ḃris an t-allus amaċ ar a éadan. Níor tuit sé i laige, aċ ṫuit sé ar an rud mór duḃ. An madaḋ a ḃí ann—a ṁadaḋ féin. Ḃí aṫair Ḋoṁnaill leis an madaḋ, aċ ní ḟaca Doṁnall é go rug sé air agus gur tóg sé é. 'Is tú atá ann, a ṁic,' arsa'n t-aṫair, agus ṫug sé a mac leis abaile.

## Ceaċt.

Sgríoḃ sgéal ar:—

Seán—ar an tsliaḃ—ceo— é ar seaċrán —é ag caoineaḋ—fear ag teaċt an bealaċ—madaḋ leis—ċonaic sé Seán—ċuir sé é ar an ḃótar abaile.

# XXI—Sgéal: Cúig Hasail!

Ċuaiḋ Tomás Mór ar an aonaċ lá agus ceannuiġ sé ceiṫre hasail. Ċuaiḋ sé suas ar asal acu agus ṫug sé a aġaiḋ ar an mbaile. Nuair a ḃí sé cupla míle as an mbaile mór, d'féaċ sé ṫart agus ní faca sé aċ trí hasail. 'Ó,' arsa seisean, 'tá asal amáin caillte agam.' D'fill sé, aċ ní faca sé an t-asal áit ar biṫ. Ṫug sé a aġaiḋ ar an mbaile agus a ċroiḋe trom. Ḃí a ḃean amuiġ ag feiṫeaṁ leis. Ċonaic sí é ag teaċt agus sgairt sí leis: 'Cad a ṫáinig ort? Ṡíl mé go raiḃ tú caillte.' 'Níl mé caillte, aċ tá asal caillte agam,' ar seisean. 'Ċeannuiġ mé ceiṫre hasail agus ċaill mé ceann acu. Nuair naċ ḃfaca mé aċ trí hasail agam, d'fill mé ar ais go dtí an baile mór agus ċuartuiġ mé gaċ áit, aċ ní fuair mé é.'

Rinne an ḃean gáire. 'A amadáin ḃoiċt,' ar sí, 'ní feiceann tusa aċ trí hasail, aċ ċím-se cúig cinn.'

Taḃair freagra orṫa seo:—

Cé ċeannuiġ na ceiṫre hasail? Cár ċeannuiġ sé iad? Ar ċaill sé ceann acu agus é ag teaċt abaile? Cad ċuige naċ ḃfaca sé

aċ trí cinn? Cá raiḃ an t-asal naċ ḃfaca sé? Ar síl a bean go raiḃ Tomás caillte? Caḋ duḃairt sí nuair a d'innis sé an scéal di? An raiḃ sí ag innsin na fírinne nuair aduḃairt sí go ḃfaca sí cúig hasail?

1. Cuir 'ní' roiṁ an scéal sin ṫuas agus sgríoḃ é go dtí, 'ċonaic sí é ag teaċt agus sgairt sí leis.'

2. Ċeannuiġ fear cúig hasail ar dá ṗunt an ceann, ca ṁéad a ṫug sé ar na cúig cinn?

3. Sgríoḃ scéal beag ar rása idir ceiṫre hasail.

# XXII—Sgéal: Curaċ Ṫomáis Ruaiḋ.

Ḃí curaċ ag Tomás Ruaḋ. Lá ḋá raiḃ mé féin agus Seáinín Óg ag siuḃal ar an tráiġ ċonacamar an curaċ agus a ḃéal faoi. Tionntuiġeamar é agus ċuir amaċ ar an ḃfairrge é. Ċuamar isteaċ ann. Rug mise ar an gcéaslaiḋ agus ṡuiḋ Seáinín i nḋeireaḋ an ċuraiġ. Ní raiḃ lám ro-ṁaiṫ agam ar an gcéaslóraċt agus ṫosuiġ an curaċ a ḋul ṫart orm. Ṫáiniġ eagla ar Ṡeáinín agus ḋ'éiriġ sé. Ní raiḃ ciall aige ḋo ċuraċ agus ṡeas sé ro-ċoṁgaraċ ḋon taoiḃ. Le sin ċionntuiġ an curaċ agus caiṫeaḋ an ḃeirt againn amaċ san ḟairrge. Leig mise sgreaḋ agus leig Seáinín sgreaḋ. Ḃí Eoġainín Ṡéarlais ag iasgaireaċt fá ġiota ḋon áit, agus nuair a ċuala sé sinn, ṫarraing sé orainn. Níl a fios agam caiḋé mar ṫóg sé mé isteaċ ina ċuraċ, aċ tá a fios agam gurab í sin an uair ḋeireannaċ a ċonaic ḋuine ar biṫ mé féin nó Seáinín Óg i gcuraċ nó i mbáḋ.

## Ceaċt.

Sgríoḃ sgéal ar:—

Seán Beag agus Tomás Óg—ag snáṁ—poll mór uisge—Tomás sa poll—é ag dul síos—sgread—fear ag teaċt an bealaċ—Tomás ar talaṁ tirim.

# XXIII—Sgéal: An Sneaċta.

Lá breaġ ḃí ann ar maidin, aċ níorḃ' fada a ḃí mé ar sgoil gur ṫosuiġ sé a ċur sneaċta. Ḃí na sgoláirí go léir ag féaċaint amaċ ar an ḃfuinneoig agus pléisiúr mór orṫa ag aṁarc ar an tsneaċta ag tuitim. Níor stad sé go dtí a trí a ċlog. Ḃí an talaṁ go léir bán le sneaċta nuair a d'fág mé an sgoil agus mé ag dul abaile. Ní deaċaiḋ mé i ḃfad go raiḃ an sneaċta go glúiniḃ orm. Ba doiliġ siubal tríd. Ḃí díog ar ṫaoiḃ an ḃealaiġ ṁóir, aċ níorḃ' féidir liom an áit a raiḃ an díog a feiceál, agus níor ṁoṫuiġ mé go raiḃ mé i lár na díge agus an sneaċta go muineál orm.

Níl a fios agam caidé mar ḃain mé an baile amaċ. Ḃí sé ċoṁ mall sin gur ṡíl mo ṁáṫair go raiḃ mé caillte.

## Ceaċt.

Sgríoḃ sgéal ar:—

Buaċaill ar an mbaile ṁór—an sneaċta ag tuitim agus é ag teaċt abaile—é ar seaċrán—a aṫair amuiġ 'ġá ċuartú—é ina luiġe sa tsneaċta agus é beagnaċ préaċta leis an ḃfuaċt.

Ḃrún ⁊ Ó Nualláin, Teoṙ., Baile Áṫa Cliaṫ, do ċlóḃuail.